C/2025/2465

25.4.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún ([1])

(C/2025/2465)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Costers del Segre’

PDO-ES-A1523-AM04

Dáta na teachtaireachta: 28.1.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Costers del Segre’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Ard-Stiúrthóireacht an Bhia Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. FOCLAÍOCHT FHEABHSAITHE

Tuairisc:

Scriosadh an réamhrá a ghabhann leis an tsonraíocht táirge agus cuireadh feabhas ar na tuairiscí ar na catagóirí éagsúla táirgí faoi chosaint, go háirithe le haghaidh chatagóirí 1 (Fíon), 3 (Fíon licéir) agus 8 (Fíon leathshúilíneach), trí úsáid a bhaint as achoimre ar na sainmhínithe a leagtar síos sa reachtaíocht. Tá foclaíocht chatagóir 5 (Fíon súilíneach ar ardchaighdeán) ceart cheana féin agus, dá bhrí sin, níl aon athrú déanta uirthi.

Baineann an leasú seo le pointe 2 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cúis:

Maidir le catagóir 1, rinneadh athrú beag ar an bhfoclaíocht fhoriomlán sa tuairisc ar an táirge 'Fíon'. Is é is cúis leis an athrú sin ná feabhas a chur ar mhíniú an táirge agus é sin amháin. Níl aon difríocht ann, i dtaca le haon ghné neamhfhoirmiúil, idir an fhoclaíocht nua agus an téacs a bhí ann roimhe seo.

Ina theannta sin, baineadh an tagairt shonrach don ghá go ndéanfadh coiste blaiste na fíonta a fhormheas. Rinneadh an dara hathrú sin ar dhá chúis: ar an gcéad dul síos, ó tharla nár áiríodh ach an tagairt don choiste blaiste sa tuairisc ar 'Fíon', cruthaíodh neamhréireacht laistigh den doiciméad ós rud é go bhfuil gach catagóir táirge faoi réir na n-oibleagáidí céanna a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha anailíseacha agus orgánaileipteacha chun a áirithiú go gcomhlíonann sé an tsonraíocht táirge agus go gcumhdaítear é leis an ainmniúchán tionscnaimh; ar an dara dul síos, déantar an gá atá le fianaise anailíseach (fisiciceimiceach agus/nó céadfach) a sholáthar lena léirítear gur sheiceáil an t-oibreoir an táirge luaite cheana féin sa roinn 'Tascanna fíoraithe', agus, mar sin, measadh nach raibh gá leis an dara tagairt agus go raibh sí iomarcach.

Tá an fhormáid i gcomhréir le formhór sonraíochtaí táirgí na Catalóine anois, agus, mar sin, meastar go bhfeabhsaíonn an t-athrú seo comhchuibhiú rialála agus go gcuidíonn sé le soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha nach mór do tháirgí a chomhlíonadh chun bheith cumhdaithe ag an ainmniúchán tionscnaimh.

Maidir le catagóir 3, is é is aidhm don téacs nua a chur isteach sa tuairisc ar an táirge 'fíon licéir' soiléireacht agus cruinneas an tsainmhínithe ar an gcineál sin fíona a fheabhsú. Bhí easpa sonraí riachtanacha ann sa tuairisc roimhe seo, ar sonraí iad a bhí ábhartha maidir le táirgeoirí agus maidir le tomhaltóirí araon agus ní dhearnadh an táirge a mhíniú go leordhóthanach sa tuairisc sin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ndéantar aon saintréith táirge nua nó sonrach a thabhairt isteach leis na hathruithe seo, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar cheanglais a bhí intuigthe agus sainordaitheach roimhe seo faoi reachtaíocht reatha an Aontais (Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe 3). Is é is aidhm don leasú seo ar an tuairisc an tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre a ailíniú le treoirlínte Eorpacha agus sainmhíniú níos iomláine agus níos beaichte ar fhíon licéir a sholáthar, gan a shubstaint ná a thíopeolaíocht thraidisiúnta a athrú.

Maidir le catagóir 8, tá nuashonrú na tuairisce ar an táirge le haghaidh 'fíon leathshúilíneach' den chineál chéanna leis an nuashonrú ar an tuairisc ar 'fíon licéir'. Sa dá chás, ba é an aidhm a bhí ann feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar chruinneas na tuairisce ar an táirge sa tsonraíocht táirge gan athrú a dhéanamh ar na ceanglais chun í a chatagóiriú amhlaidh, agus sin an fáth a ndearnadh na sainmhínithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe 8 a úsáid go díreach mar atá siad sna rialacháin sin. Mar is amhlaidh i gcás fíona licéir, ní dhéanann na leasuithe a rinneadh ar an tuairisc ar fhíon leathshúilíneach athrú ar an gcineál táirge, toisc gur ceanglais iad a bhí sainordaitheach cheana féin sular áiríodh sa tsonraíocht táirge iad.

Trí fhaisnéis shonrach a áireamh, amhail an neart íosta alcóil agus an brú barrachais mar gheall ar dhé-ocsaíd charbóin inghiniúil i dtuaslagán, soláthraítear sainmhíniú níos fearr ar an táirge gan é a athrú go bunúsach. Áirithítear leis sin go bhfuil na tuairiscí ar tháirgí níos iomláine agus níos úsáidí do na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le táirgeadh agus tráchtálú fíonta leathshúilíneacha agus fíonta licéir a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

2. ATHRUITHE AR NA TEORAINNEACHA MAIDIR LE NEART ALCÓIL IARBHÍR AGUS NEART ALCÓIL IOMLÁN

Tuairisc:

Athruithe ar na teorainneacha íosta maidir le neart alcóil iarbhír agus neart alcóil iomlán:

Tháinig laghdú ar fhíon geal agus ar fhíon rosé (catagóir 1) ó 10,5 % de réir toirte go 9 % de réir toirte.

Tháinig laghdú ar fhíon dearg (catagóir 1) ó 11 % de réir toirte go 9 % de réir toirte.

Tá neart alcóil íosta iomlán ag fíon licéir atá socraithe ag 17,5 % de réir toirte.

Maidir le fíon leathshúilíneach, tháinig laghdú ar an neart iarbhír ó 10 % de réir toirte go 7 % de réir toirte agus tháinig laghdú ar an neart iomlán ó 10 % de réir toirte go 9 % de réir toirte.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

Mar thoradh ar luaineachtaí teochta agus ar athruithe ar thimthriall fáis na fíniúna arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, is féidir buaint a bheith ann lena ngabhann athruithe ó thaobh aibíocht fheanólach de agus nach léiríonn an gnáthmhéadú ar chéimeanna Brix a eascraíonn ó aibíocht theicneolaíoch. Ciallaíonn na himthosca sin go bhfuil fíoneolaithe in ann fíonta a bhfuil neart alcóil níos ísle acu a tháirgeadh agus, ag an am céanna, próifíl orgánaileipteach iomlán agus chasta á coinneáil ar bun, go háirithe nuair a chuirtear ardteicnící bainistithe fíniúnacha agus fíonóireachta chun feidhme, amhail beacht-fhíonsaothrú i dtaca le bainistiú ceannbhrait, amharc-roghnú uathoibrithe nuair a shroicheann fíonchaora an fhíonlann agus cuí-roghnú giostaí dúchasacha.

Ina theannta sin, ó thaobh na gceimiceán de, ligeann na hardleibhéil eatánól a breathnaíodh le blianta beaga anuas líon níos mó comhdhúl polacha agus neamhpholacha araon a thuaslagadh, rud a d'fhéadfadh fíneáltachtaí na dteirpéiní, na n-eistear agus na gcomhdhúl aramatach eile atá ina gcuid thábhachtach de phróifíl orgánaileipteach an fhíona a cheilt nó a athrú. D'fhéadfadh sé sin sainiúlacht na mblasanna aramatacha atá ionadaíoch do terroirs áirithe a laghdú. Dá bhrí sin, má cheadaítear na fíonta a tháirgeadh agus neart alcóil níos ísle acu, tugtar uirlis nádúrtha do tháirgeoirí chun saintréithe sonracha na bhfíonta traidisiúnta a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre a choinneáil ar bun.

Ar deireadh, is fiú treocht fhoriomlán an mhargaidh maidir le fíonta a bhfuil neart níos ísle acu a lua, rud atá spreagtha ag cúiseanna sláinte poiblí agus ag roghanna tomhaltóirí araon, agus ar rud é atá ag teacht leis na riachtanais a phléitear thuas mar thoradh ar an athrú aeráide.

I mbeagán focal, tá níos mó i gceist leis an íosteorainn le haghaidh cion alcóil i bhfíon a laghdú ná oiriúnú do dhálaí athraitheacha aeráide amháin. Is coigeartú straitéiseach é a fhágann gur féidir an méid seo a leanas a dhéanamh: léiriú níos fearr a thabhairt ar an terroir i dtéarmaí na bhfíonta a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre; cur i gcoinne an mhéadaithe ar an neart alcóil a fheictear go coitianta sa lá atá inniu ann; agus oiriúnú d'éilimh agus do threochtaí an mhargaidh.

Maidir le cur san áireamh an fhrása 'Agus neart alcóil iomlán nach lú ná 17,5 % de réir toirte aige' sna ceanglais fhisiciceimiceacha le haghaidh fíonta licéir, ní rud úrnua ná athrú é ach is soiléiriú atá ann. Maidir leis an gcritéar sin, seachas a bheith ina choinníoll sriantach maidir le hainmniúchán tionscnaimh, ní léiríonn sé ach forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe 3), lena mbunaítear an ceanglas seo mar bhunchoinníoll a ghabhann le catagóiriú fíonta licéir.

Is é an príomhchuspóir a bhaineann leis an bpointe seo a áireamh sa tsonraíocht táirge ná tuiscint an léitheora ar an gcineál táirge dá ndéantar tagairt a éascú, agus, ar an dóigh sin, iarracht a dhéanamh míthuiscintí nó míléirithe a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, agus tuiscint níos fearr ar an táirge a bhfuil tuairisc á tabhairt air a áirithiú.

Mar fhocal scoir, cabhraíonn cur isteach an chritéir seo le forléargas níos beaichte a thabhairt ar an táirge agus áirithíonn sé go ndéantar ionchais tomhaltóirí agus rialacháin dhlíthiúla a ailíniú i gceart. Níl aon athrú i gceist leis ar bhealach ar bith a mhéid a bhaineann leis an bpróifíl fhisiceimiceach, orgánaileipteach nó theicniúil is saintréith den táirge.

3. ATHRUITHE AR NA TEORAINNEACHA UASTA LE hAGHAIDH DÉ-OCSAÍD SULFAIR

Tuairisc:

Athruithe ar na huasteorainneacha le haghaidh dé-ocsaíd sulfair iomlán i gcás ina bhfuil an méid siúcra < 5 g/l:

Tháinig laghdú ar fhíon geal agus ar fhíon rosé (catagóir 1 agus catagóir 8) ó 200 mg/l go 150 mg/l.

Tháinig laghdú ar fhíon dearg (catagóir 1 agus catagóir 8) ó 150 mg/l go 100 mg/l.

Tháinig laghdú ar fhíon licéir ó 150 mg/l go 120 mg/l.

Athruithe ar na huasteorainneacha le haghaidh dé-ocsaíd sulfair iomlán nuair is é 5 g/l nó níos mó ná sin méid siúcra:

Tháinig laghdú ar fhíon geal agus ar fhíon rosé (catagóir 1 agus catagóir 8) ó 250 mg/l go 220 mg/l.

Tháinig laghdú ar fhíon dearg (catagóir 1 agus catagóir 8) ó 200 mg/l go 170 mg/l.

Tháinig laghdú ar fhíon licéir ó 200 mg/l go 170 mg/l.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

Léiríonn laghdú na leibhéal uasta dé-ocsaíde sulfair (SO2) a cheadaítear san fhíonóireacht an comhthoil atá ann faoi láthair in earnáil an fhíona maidir leis an ngá leis an bhfíonóireacht a dhéanamh níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe.

Is breiseán é dé-ocsaíd sulfair a úsáidtear go forleathan i bhfíonóireacht mar gheall ar a n-airíonna frithocsaídeacha, frithocsaíodáiseacha agus frithmhiocróbacha. In ainneoin go n-úsáidtear go forleathan í, gabhann éifeachtaí diúltacha le dé-ocsaíd sulfair: is féidir léi a bheith ina cúis le frithghníomhartha díobhálacha i ndaoine soghabhálacha (deirmitíteas, baill aodh, pian bhoilg), agus, ar an leibhéal fíoneolaíoch, táirgeann sé boladh míthaitneamhach sulfair san fhíon má úsáidtear dáileoga iomarcacha. Toisc go bhfaightear i roinnt bianna í agus gur comhdhúil í a bhfuil éifeacht charnach aici nuair a ionghabhtar í, tá a húsáid teoranta. Tá sé sainordaitheach freisin a láithreacht a dhearbhú ar lipéadú trí úsáid a bhaint as an ráiteas 'tá suilfítí ann'.

Rinneadh na huasteorainneacha nua le haghaidh tiúchan dé-ocsaíde sulfair a ailíniú leis na huasteorainneacha arna bhfoilsiú ag comhlachtaí rialaithe agus deimhniúcháin orgánaigh agus ag an Aontas (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún) agus cuideoidh siad leis na rioscaí a bhaineann leis an táirge a íoslaghdú. Trí chleachtais fhíoneolaíocha a áireamh, amhail támhgháis a úsáid nó ocsaigin a bhainistiú go cúramach le linn fíonóireachta, déantar laghdú SO2 a fhritháireamh go héifeachtach gan cáilíocht agus fad saoil na bhfíonta a tháirgtear a chur i mbaol.

Níl aon éifeacht ag an laghdú ar an gcainníocht SO2 a úsáidtear ar phróifíl orgánaileipteach an táirge ná ar a thipiciúlacht - a mhalairt ar fad, bíonn castacht agus barántúlacht aramatach ag fíonta a dhéantar le leibhéil níos ísle SO2, rud a léiríonn, ar bhealach níos dílse, an mhiocraeráid agus saintréithe na hithreach inar fásadh na fíonchaora.

Éilíonn déine eolaíoch inoiriúnaitheacht agus athbhreithniú leanúnach ar chleachtais, agus, i ndáil leis sin, is ionann an leasú atá beartaithe agus céim chun cinn chomhleanúnach a bhfuil bunús maith léi. Ní hamháin go dtéann an cur chuige nua sin chun tairbhe do tháirgeadh fíona 'níos glaine' agus níos barántúla gan tionchar a imirt ar a fhéiniúlacht ar aon bhealach, ach bunaítear paraidím fhíoneolaíoch nua leis freisin lena dtreisítear freagracht éiceolaíoch agus shóisialta ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

4. ATHRUITHE AR NA TEORAINNEACHA UASTA LE hAGHAIDH AIGÉADACHT LUAINEACH

Tuairisc:

Athruithe ar na huasteorainneacha le haghaidh aigéadacht luaineach:

Tháinig méadú ar fhíon geal agus ar fhíon rosé (catagóir 1) ó 0,6 g/l (0,9 g/l i gcás fíonta aosaithe) go 1,08 g/l (18 meq/l).

Tháinig méadú ar fhíon dearg (catagóir 1) ó 0,8 g/l (1,2 g/l i gcás fíonta aosaithe) go 1,2 g/l (20 meq/l).

Tháinig méadú ar fhíon licéir ó 0,8 g/l go 1,08 g/l (18 meq/l) i gcás fíonta geala agus rosé, agus 1,2 g/l (20 meq/l) i gcás fíonta dearga.

Tháinig méadú ar fhíon leathshúilíneach ó 0,6 g/l go 1.08 g/l (18 meq/l) i gcás fíonta geala agus rosé, agus 1,2 g/l (20 meq/l) i gcás fíonta dearga.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

Athraíodh na teorainneacha le haghaidh aigéadacht luaineach i gcás fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre chun léiriú a thabhairt ar thuiscint níos nuálaí agus níos caolchúisí ar fhíonóireacht chomhaimseartha. Go stairiúil, measadh go raibh aigéadacht luaineach, a bhaineann le láithreacht aigéid aicéitigh agus a eistir eitile (aicéatáit eitile) de ghnáth, ina comhartha ar fabhtanna san fhíon. Mar sin féin, léiríodh i dtaighde a rinneadh le déanaí gur féidir le leibhéil mheasartha aigéadachta luainí rannchuidiú go dearfach le castacht aramatach agus bhlais an fhíona.

Ó thaobh na gceimiceán de, ní paraiméadar scoite í aigéadacht luaineach ach, os a choinne sin, idirghníomhaíonn sí le comhpháirteanna eile den fhíon, amhail polaifeanóil agus eistir, a oibríonn go sineirgeach lena chéile chun an phróifíl orgánaileipteach a rialú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na teorainneacha níos sriantaí a leagadh síos roimhe seo teorainn gan ghá a chur le léiriú an terroir agus na tipiciúlachta cineáil.

Thairis sin, ceadaíonn na teicnící fíonóireachta atá ann faoi láthair rialú níos beaichte a dhéanamh ar choipeadh agus ar aibiú, rud a laghdaíonn an baol go gcruthaítear leibhéil fhadhbacha aigéadachta luainí. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí coipthe rialaithe agus bainistiú na céime iarchoipthe, agus as cleachtais amhail micrea-ocsaiginiú agus úsáid giostaí roghnaithe, cumasaítear d'fíoneolaithe leibhéil aigéadachta luainí a choigeartú laistigh de raon a chruthaíonn castacht gan cáilíocht an táirge a chur i mbaol.

Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht nach spreagann an t-athbhreithniú rialála seo méadú neamh-idirdhealaitheach ar aigéadacht luaineach, ach go bhféachann sé le raon níos solúbtha a sholáthar a léiríonn an t-eolas eolaíoch reatha. Cuireann an nuashonrú seo níos mó saoirse ar fáil chun stíleanna fíona a iniúchadh a léiríonn, ar bhealach níos cruinne, saibhreas agus éagsúlacht terroirs ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

Is ionann an t-athrú seo agus céim thábhachtach i dtreo fíonóireacht níos inoiriúnaithe agus níos freagraí atá ailínithe le héilimh margaidh atá chomh oilte agus chomh beacht leis an margadh fíona.

5. ATHRUITHE AR NA TEORAINNEACHA ÍOSTA LE hAGHAIDH AIGÉADACHT IOMLÁN

Tuairisc:

Athraíodh na híosteorainneacha le haghaidh aigéadacht iomlán na bhfíonta geala, rosé agus dearga (catagóir 1) ó 4,5 g/l go 3,5 g/l.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

Mar an gcéanna leis an réasúnaíocht a sholáthraítear chun raon ceadaithe an nirt alcóil a mhéadú, rinneadh na híosteorainneacha le haghaidh aigéadacht iomlán na bhfíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre a thabhairt cothrom le dáta mar fhreagairt ar an inathraitheacht aeráide atá ag dul i méid agus ar an méadú ar mheánteochtaí, chomh maith le luaineacht mhargadh domhanda an fhíona. Is é is aidhm don athrú seo na huirlisí nádúrtha a thabhairt do tháirgeoirí a bhfuil gá acu leo chun cáilíocht agus stíl a bhfíonta a choinneáil ar bun.

Déanann an ardú ar theochtaí agus na héagsúlachtaí báistí difear d'aibiú na bhfíonchaor agus, mar thoradh air sin, ar a bpróifíl aigéadach chomh maith. Mar gheall ar na dálaí aeráide atá ann faoi láthair, is minic a shroicheann fíonchaora aibíocht fheanólach ag an tráth céanna a shroicheann siad ardchéim aibíochta teicneolaíochta, rud a fhágann go mbíonn leibhéil aigéadachta iomlána níos ísle ann ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

Mar thoradh ar leibhéal ard a bheith ann i gcás na híosteorann le haghaidh aigéadacht iomlán, diúltaítear d'fhíonchaora a bheadh idéalach, murach sin, chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an dolúbthacht sin a bheith ina cúis le fíoneolaithe buaint a dhéanamh nuair nach bhfuil na fíonchaora sách aibí ar bhealaí seachas ar bhealaí teicneolaíochta, rud a chuireann teorainn lena gcumas fíonta a tháirgeadh a léiríonn go dílis an terroir inar táirgeadh iad.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh samhail fíonóireachta atá as dáta a bheith ann mar thoradh ar theorainneacha dochta ar aigéadacht iomlán a choinneáil, toisc nach n-áiritheofaí a thuilleadh go gcoinneofaí próifíl chéadfach stairiúil na bhfíonta faoi chosaint, agus go gcuirfeadh sé teorainn le hiomaíochas na bhfíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre i margadh domhanda a éilíonn éagsúlacht agus inoiriúnaitheacht.

6. ATHRÚ AR THEORAINNEACHA ANAILÍSEACHA EILE

Tuairisc:

Tá leathnú déanta ar na raonta ceadaithe le haghaidh Fíonta (catagóir 1) agus Fíonta licéir (catagóir 3), chomh maith leis na raonta le haghaidh déine datha i bhFíonta (catagóir 1). Baineadh na ceanglais maidir le gléine, agus cuireadh deireadh leis na teorainneacha tomhais moirtiúlachta le haghaidh fíonta (catagóir 1) agus fíonta licéir (catagóir 3).

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

I dtionscal na fíonóireachta, is oidhreacht í an éagsúlacht chineáil a thugann saibhreas agus castacht don táirge agus a leathnaíonn an raon fíonta a tháirgtear. Tá ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre thar a bheith feiceálach ina leith sin, ós rud é go gcumhdaítear raon leathan cineálacha fíniúna leis. D'fhéadfadh an éagsúlacht sin a bheith ina dúshlán, áfach, maidir le paraiméadair chéadfacha a chaighdeánú. Bhí na teorainneacha a bhí socraithe roimhe seo le haghaidh ionsúiteachta sa speictream infheicthe róshriantach i gcás cineálacha áirithe, rud a d'fhéadfadh an uilechuimsitheacht chineáil lena sainítear an t-ainmniúchán tionscnaimh a chur i mbaol.

Mar fhreagairt air sin, méadaíodh na teorainneacha datha. Rinneadh an cinneadh sin tar éis anailísí céadfacha críochnúla agus staidéir speictreafótaiméadracha a dhéanamh, arbh é is aidhm dóibh a áirithiú gur féidir le cineálacha éagsúla a bhféiniúlacht datha a léiriú gan imeacht ó phróifíl orgánaileipteach thraidisiúnta na bhfíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

Is ionann baint ghinearálta cuid mhór de na híosteorainneacha agus athrú caolchúiseach nach bhfuil aon éifeacht aige ar an dath a fheiceann súil an duine. Mar thoradh ar an laghdú ar an íosdéine datha is gá le haghaidh fíonta dearga, is féidir cineálacha a bhfuil dath éadrom orthu (amhail Pinot Noir) a áireamh, ar cineálacha iad a bhí eisithe roimhe seo ó na staidéir tosaigh a úsáideadh chun na seanchritéir a bhunú.

Tá sé tábhachtach a áitiú nach n-athraíonn na hathruithe sin stíl an táirge faoi chosaint agus nach n-íobraíonn siad cáilíocht ná tipiciúlacht an fhíona, ach go bhfágann siad gur féidir éagsúlacht chineáil a léiriú ar bhealach níos fearr, rud a áirithíonn léiriú níos cruinne agus níos iomláine ar terroir an ainmniúcháin tionscnaimh.

Leis an leasú seo, réitítear an bealach le haghaidh léirmhíniú níos cuimsithí agus níos saibhre ar cad atá i gceist le fíon Costers del Segre, agus, ag an am céanna, teorainneacha barr feabhais agus comhsheasmhachta fíoneolaíochta á n-urramú.

Maidir leis an ngléine, cé go mbreathnaítear uirthi go stairiúil mar chomhartha cáilíochta i bhfíonta, ní toisc inmhianaithe go huilíoch í a thuilleadh ná ní mheastar gur táscaire í ar luach an táirge ó thaobh na fíoneolaíochta de.

Tá roinnt argóintí ann a thacaíonn lena baint mar riachtanas:

Ar an gcéad dul síos, tá gléine an-suibiachtúil agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag líon mór tosca uirthi ar tosca iad nach mbaineann go díreach le hairíonna intreacha an fhíona, amhail an cineál pacáistíochta nó dálaí soilsiúcháin.

Ar an dara dul síos, trí dhíriú ar ghléine tarraingítear aird ó thosca níos ábhartha a bhaineann leis an terroir, leis an tionscnamh agus le tipiciúlacht an fhíona. Fiú i gcás fíonta glana agus geala, is ábhar teicniúil é leibhéil ísle moirtiúlachta a bhaint amach seachas cáilíocht shainiúil a bhaineann le terroir nó leis an stíl táirgthe.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go léiríonn na treochtaí reatha maidir le tomhaltas fíona go bhfuil méadú ag teacht ar ghlacadh agus ar thuiscint teicnící táirgthe atá níos nádúrtha agus nach bhfuil an oiread idirghabhála i gceist leo. D'fhéadfadh fíonta ag a bhfuil méid áirithe moirtiúlachta nó dríodair a bheith mar thoradh ar na teicnící sin, lena n-áirítear próisis scagacháin a sheachaint nó a íoslaghdú. Seachas glacadh leis gur fabht é an méid sin, is minic a ghlacann tomhaltóirí leis an tsaintréith sin mar chomhartha gur táirge é nach bhfuil chomh próiseáilte sin agus gur táirge é a sholáthraíonn léiriú céadfach níos iontaofa ar an terroir as a dtagann an fíon.

I mbeagán focal, ní hamháin go bhfuil baint na gceanglas maidir le gléine den tsonraíocht táirge comhsheasmhach le treochtaí fíonóireachta comhaimseartha, ach ligeann sé d'fíoneolaithe díriú freisin ar ghnéithe níos suntasaí maidir le táirgeadh fíonta ar ardchaighdeán a léiríonn i ndáiríre cineál ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

7. ATHRUITHE AR THUAIRISCÍ ORGÁNAILEIPTEACHA

Tuairisc:

Scriosadh na tuairisce scríofa ar dhath na bhfíonta geala, rosé agus dearga (catagóir 1) agus na bhfíonta licéir (catagóir 3).

I gcás fíonta leathshúilíneacha, baineadh 'ina bhfuil boilgeoga agus gan chúr' den tuairisc 'Cuma' agus baineadh 'cion carbóin inbhraite sa bhéal' den tuairisc 'Blas'.

Baineann an leasú seo le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Cúis:

Bhain an measúnú ar an dath i bhfíonta tairbhe nach beag as dul chun cinn teicneolaíoch sa speictreafótaiméadracht agus san anailís chainníochtúil. D'ainneoin an luacha liteartha nó tráchtála a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, níl an beachtas ná an in-atáirgtheacht is gá san fhíonóireacht nua-aimseartha sna tuairiscí scríofa ar an dath.

Trí bhearta ionsúiteachta a úsáid sa speictream infheicthe, soláthraítear cainníochtú níos cruinne agus níos oibiachtúla ar dhath, rud a fhágann gur féidir caighdeánú a dhéanamh atá criticiúil i dtimpeallacht eolaíoch agus tráchtála atá thar a bheith iomaíoch.

Roghnaíomar an tuairisc scríofa ar an dath i sonraíocht táirge ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre a scriosadh. Tá údar maith leis an gcinneadh sin mar gheall ar an ngá le prótacail theicniúla ardfhorbartha a leanúint agus chun deireadh a chur le débhríochtaí a bhféadfadh léirmhínithe suibiachtúla a bheith mar thoradh orthu, chun iomláine agus aonfhoirmeacht phróifíl chéadfach an fhíona a chaomhnú. Bhí sé iomarcach tuairisc scríofa agus tomhais speictreafótaiméadracha araon a sholáthar agus d'fhéadfadh sé débhríochtaí gan ghá a chruthú maidir le léirmhíniú an chaighdeáin maidir le dath.

Trí chur chuige cainníochtúil amháin a ghlacadh, táimid ag áirithiú go gcomhlíonann na fíonta critéir oibiachtúla infhíoraithe, rud a neartaíonn inchreidteacht agus clú an ainmniúcháin tionscnaimh.

A mhéid a bhaineann le boilgeoga infheicthe i bhfíonta leathshúilíneacha, rinneadh ceanglais shonracha a áireamh sa tsonraíocht táirge d'ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre ar ceanglais iad a bhaineann le dé-ocsaíd charbóin a bheith ann i bhfíonta leathshúilíneacha agus le braistint chéadfach ina leith sin. Cé go raibh na ceanglais sin ceaptha chun leibhéal áirithe aonfhoirmeachta a áirithiú sa táirge, is léir nach raibh gá leo agus gur bheag an fheidhm a bhí leo, agus dá bhrí sin baineadh iad.

Is é an phríomhchúis leis sin go dtugann na ceanglais anailíseacha atá ann cheana, amhail an brú barrachais idir 1 bar agus 2,5 bar ag 20 °C, bealach níos cruinne chun na fíonta seo a chatagóiriú agus a n-airíonna a ráthú. Sa chás áirithe seo, soláthraíonn anailís chéadfach torthaí ar lú an daingne a bhaineann leo, rud a fhágann go bhfuil an cur chuige anailíseach seo níos iontaofa.

I mbeagán focal, má bhaintear na ceanglais chéadfacha a bhaineann le dé-ocsaíd charbóin a bheith i láthair i bhfíonta leathshúilíneacha, ní athraítear próifíl na bhfíonta sin i dtéarmaí a saintréithe broidearnacha, ós rud é, a bhuí leis na dianchritéir anailíseacha atá ann cheana, amhail an brú iomarcach arna thomhas i mbair, go ráthaítear stíl na catagóire fíona seo go hiontaofa agus go daingean. Leis an leasú seo ar an tsonraíocht táirge, simplítear an próiseas measúnaithe, rud a chuireann deireadh leis an ngá le seiceáil chéadfach bhreise nach bhfuil chomh beacht céanna lena choibhéis fhisiceimiceach, cé go bhfuil sé faisnéiseach. Áirithíonn sé sin cáilíocht agus saintréithe fíonta leathshúilíneacha agus, ag an am céanna, ceadaíonn sé solúbthacht agus freagairt níos fearr i dtaca le táirgeadh agus anailísiú na bhfíonta sin.

8. ATHRUITHE I gCLEACHTAIS FÍONSAOTHRÚCHÁIN

Tuairisc:

Feabhsaíodh an fhoclaíocht agus baineadh an t-údarú le haghaidh uiscithe.

Leasaíodh pointe 3.1 den tsonraíocht táirge agus pointe 5 den doiciméad aonair.

Cúis:

I bhfianaise na ndálaí aeráide atá ann faoi láthair, lena n-áirítear 3 bliana ina raibh níos lú báistí, chomh maith le réamhaisnéisí lena léirítear go mbeidh easpa infhaighteachta uisce ó bháisteach mar ghnáthrud sna blianta amach romhainn, creidimid gurb iomchuí a údarú do gach saothróir fíona an soláthar uisce a bhainistiú dá rogha féin chun strus uisce a sheachaint, agus é á chur san áireamh nach mór na tásca ginearálta atá i bhForaithne Uimh. 474/2004 an 28 Nollaig 2004 lena gcuirtear Dlí 15/2002 an 27 Meitheamh 2002 maidir le bainistiú fíona chun feidhme a chomhlíonadh.

9. ATHRUITHE AR AN LIMISTÉAR CRIOCHAITHE

Tuairisc:

De bhreis ar fheabhas a chur ar an bhfoclaíocht, go háirithe, ‘aonad geografach níos lú’ a chur in ionad an téarma ‘folimistéar’ a úsáideadh roimhe seo agus mír a bhí leagtha amach roimhe seo faoi phointe 8.2 ‘Limistéar táirgeachta agus próiseála’ den tsonraíocht a áireamh, leathnaíodh an limistéar críochaithe freisin chun bardais iomlána a áireamh anois ar laistigh díobh a bhí sé teoranta do dháileachtaí áirithe roimhe seo.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

Cúis:

Chun ionchorprú limistéar fíonghoirt áirithe ar le bardais iad a éascú, i gcás dáileachtaí talún a bheith iontu sa limistéar táirgeachta cheana féin, tar éis a fhíorú, ar fud an bhardais, go gcomhlíontar na coinníollacha a bhfuil gá leo chun an t-ainmniúchán tionscnaimh a fháil, cuireann sainaithint an bhardais ar fad sa doiciméad teicniúil ar chumas na n-údaráis ainmniúcháin measúnú inmheánach a dhéanamh ar iarratas ó aon úinéir ar mian leis a bheith san áireamh sa limistéar táirgeachta, gan gá a bheith ann an tsonraíocht le haghaidh gach breisithe a leasú, ar an mbealach céanna a tharlaíonn cheana féin i gcás sonraíochtaí táirge eile le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh sa Chatalóin.

Ní laghdaíonn an próiseas nua seo, ar aon slí, an fíorú dlíthiúil a bhaineann leis an limistéar féin (amhail údarú plandaithe, cineál inghlactha, agus aon nithe eile a d’fhéadfadh a bheith riachtanach), a sheiceáiltear sula n-iontráiltear an limistéar i gclár na ndáileachtaí talún a léirítear i ndáil le rialáil ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

Is leasú é freisin ar an tsonraíocht táirge a mhéid a bhaineann le poncúlacht agus le héifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bheith san áireamh san ainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre, rud a cheadaíonn d’aon saothróir fíona a chomhlíonann na ceanglais dlí ghinearálta agus shonracha an ceart a fheidhmiú chun bheith ionchorpraithe san ainmniúchán tionscnaimh atá i gceist.

Bogadh pointe 8.2 toisc gur creideadh gurbh iomchuí tagairt a dhéanamh don ghné sin nuair a bhí sainiú á dhéanamh ar limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

10. ATHRUITHE AR CHINEÁLACHA

Tuairisc:

Áiríonn na hathruithe seo cineálacha nua a chur isteach ar cineálacha iad atá sainaitheanta mar chineálacha a bhfuil gealladh fúthu agus atá ionadaíoch ar shaintréith uathúil an limistéir, athmheasúnú ar chineálacha a aicmíodh roimhe seo mar chineálacha ‘Molta’ agus ‘Údaraithe’, agus athruithe ar ainmneacha cineálacha.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

Cúis:

Faoi láthair, tá cuid d’fhíonlanna ATFC Costers del Segre ag fiosrú na gcineálacha a áirítear sa roinn den Fhoraithne Ríoga lena rialáiltear acmhainneacht fíonsaothrúcháin Chomhphobal Féinrialaitheach na Catalóine (Foraithne Ríoga RD 32/2023 an 24 Eanáir 2023).

Is iad Picapoll Blanco, Malvasía de Sitges, Pirene agus Marselan na ceithre chineál fíniúna nua a cuireadh san áireamh. Is ionann iad a chur san áireamh agus léiriú ar an tóir leanúnach ar shármhaitheas agus ar éagsúlacht fíoneolaíochta. Maidir leis na cineálacha sin, a roghnaíodh mar gheall ar a n-acmhainneacht fíonóireachta agus ar a n-inoiriúnaitheacht i ndáil le timpeallacht gheo-aeráide an réigiúin, saibhríonn siad an raon roghanna is féidir a úsáid chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Rannchuidíonn cur san áireamh na gcineálacha sin leis an éabhlóid agus leis an nuálaíocht laistigh den ainmniúchán tionscnaimh, rud a chuireann uathúlacht agus céannacht na bhfíonta cosanta sin chun cinn.

Rinneadh an cinneadh chun na cineálacha sin a áireamh bunaithe ar iarratais agus spéis ó fhíonlanna éagsúla a áirítear san ATFC seo, a mheasann gur cineálacha oiriúnacha iad de bharr na dtorthaí sármhaithe a fuarthas i staidéir a rinneadh ar gach cineál, ag glacadh ithir agus aeráid san áireamh. Léirigh na staidéir seo an méid seo a leanas.

Malvasía de Sitges: cineál geal, de thionscnamh na Catalóine, fíonchaora milse agus séimhe. Táirgeann sé fíonta úra agus aramatacha, agus tá sé oiriúnach freisin chun fíonta milse agus fíonta aosaithe a dhéanamh. Triopaill fhadaithe idir mheánmhéide agus mhóra, iad ar dhéanamh pirimide, ina bhfuil fíonchaora beaga go meánmhéide. Frithsheasmhacht mhaith in aghaidh fuachta. Tá na fíonta a tháirgtear an-mhaith, cuireann siad i láthair dea-bholaithe agus saintréithe an chineáil, breisíonn siad gnéithe saintréitheacha fíonta ATFC Costers del Segre fad a choinnítear saintréith agus blasanna atá ina saintréithe de chuid an limistéir.

Marselan: cineál dearg neamháitiúil. Is cineál idirnáisiúnta sách tearc é a bhfuil torthaí táirgthe cáilíochtúla an-spéisiúil aige. Triopaill fhadaithe, idir bheaga agus meánmhéide, a bhfuil cruth shorcóireach/chónúil orthu. Fíonchaora beaga cruinne a bhfuil dath corcra scothdubh orthu. Cineál láidir crua lena mbaineann fuinneamh meánach. Táirgeann sé fíon casta, dea-chothromaithe agus tathagach ar a bhfuil dath láidir agus atá aramatach. Lán le tainniní boga agus comhchuí. Blasanna cócó, cuiríní dearga, sútha craobh, torthaí aibí agus spíosraí. De réir staidéar, tá neart acmhainneachta ag an gcineál seo chun fíon ar ardchaighdeán a tháirgeadh gan laghdú a dhéanamh ar an gcarachtar ná ar na blasanna atá ina saintréithe de chuid an limistéir.

Picapoll blanco: cineál geal neamháitiúil. Fíniún lena mbaineann fuinneamh meánach agus a bhachlaíonn go déanach. Dea-thorthúlacht, frithsheasmhach in aghaidh galar fungasach, agus leochaileach i leith fíneog. Tá timthriall aibithe mall aige. Triopaill mheánacha-bheaga scaoilte ar dhéanamh pirimide. Tá na fíonchaora éilipseach, idir mheasartha agus bheag ó thaobh méide de agus dath glasbhuí orthu. Táirgeann sé fíonta a bhfuil leibhéal measartha alcóil agus aigéadacht ard acu. Bíonn na fíonta éadrom, gabhann blasanna torthaíocha agus bláthacha leo, bíonn siad groí sa bhéal agus bíonn dath ómra geal orthu. Coinníonn siad saintréith fhíonta an limistéir.

Pirene: cineál dearg de thionscnamh na Catalóine atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh, agus léiríonn staidéir gur féidir leis oiriúnú don athrú aeráide. Cineál lena mbaineann timthriall fada: tarlaíonn bachlú i lár mhí Aibreáin agus déantar buaint i lár mhí Dheireadh Fómhair, agus bíonn aibiú an-aonfhoirmeach ann. Fíonchaora a mbíonn méideanna agus cruthanna éagsúla acu, ag brath ar an tacar torthaí. Fíonchaora ag a bhfuil leibhéil arda tainnine, datha agus aigéadachta. Coinníonn fíonta a dhéantar leis an gcineál Pirene saintréith agus blasanna atá ina saintréithe de chuid an limistéir gan difear a dhéanamh do cháilíocht na bhfíonta.

B'ionann an t-athmheasúnú agus an coigeartú ar chatagóirí na gcineálacha fíniúna laistigh d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Costers del Segre, go háirithe an t-athrú ó 'Molta' go 'Údaraithe', agus cinneadh a rinneadh chun barántúlacht agus uathúlacht fhíonta an réigiúin a chur i dtábhacht a thuilleadh. Leis an athrú seo féachtar le pointe fócasach na catagóire 'Molta' a dhéanamh de na cineálacha a mheastar a bheith suaithinseach agus an-oiriúnach chun saintréith shainiúil na críche a chur in iúl. An tráth céanna, ní chiallaíonn cuimsiú cineálacha áirithe sa chatagóir 'Údaraithe' nach bhfuil aon luach acu nó nach bhfuil áit acu faoin ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint. Ina ionad sin, is é is aidhm dó tosaíocht a thabhairt do na cineálacha a mheastar a bheith níos ionadaíche d'fhéiniúlacht fíonsaothrúcháin Costers del Segre agus iad a idirdhealú ó 'cineálacha idirnáisiúnta'.

Cuireann an t-athrú sin éagsúlacht agus dinimic shaol an fhíona san áireamh freisin, rud a ligeann do tháirgeoirí cineálacha agus stíleanna nua a fhiosrú gan srianta iomarcacha. I ndeireadh na dála, is é is aidhm do leasú na gcatagóirí seo sármhaitheas agus nuálaíocht a chothú i dtaca le táirgeadh fíonta ar ardchaighdeán laistigh den ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus, éirim na gcineálacha traidisiúnta a rannchuidíonn le carachtar uathúil fhíonta an réigiúin á hurramú agus á caomhnú ag an am céanna.

Is ionann an leasú ar an ainmníocht le haghaidh chineál fíniúna 'Mazuela/Samsó' go 'Carinyena' in ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Costers del Segre agus freagairt ar an ngá le hainm an chineáil seo a chaighdeánú agus a shoiléiriú, chomh maith lena ainm a léiriú go cruinn sa Chatalóinis, arb í teanga oifigiúil an réigiúin í agus a úsáidtear go coitianta i ndoiciméadacht fíona.

Tá cineál Carinyena ar cheann de na cineálacha áitiúla is suaithinsí agus is traidisiúnta i réigiún Costers del Segre. Mar gheall ar thábhacht stairiúil na bhfíonta a tháirgtear sa limistéar seo, agus mar gheall ar a rannchuidiú uathúil le saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta sin, is rud bunúsach é go dtabharfaí ainmniúchán dó a léiríonn a fhéiniúlacht go cruinn. Trí 'Mazuela/Samsó' a athrú go 'Carinyena', is féidir níos mó comhsheasmhachta a bheith ann maidir le hainmniú cineálacha agus seachnaítear mearbhall a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sainaithint agus aitheantas i gcás na fíonchaoire seo i measc saothróirí fíniúna, fíoneolaithe agus tomhaltóirí.

Áirítear é in aicmiú na gcineálacha fíniúna in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Foraithne Ríoga Uimh. 1338/2018 an 29 Deireadh Fómhair 2018 lena rialáiltear acmhainneacht táirgeachta fíonsaothrúcháin mar chineál dearg údaraithe le haghaidh na gcúigí Barcelona, Girona, Lleida agus Tarragona de chuid Chomhphobal Féinrialaitheach na Catalóine: *Mazuela, Cariñena, Samsó T.* (pointe 9).

I mbeagán focal, is leasú riachtanach agus loighciúil é an t-athrú ar ainmníocht an chineáil fíniúna ó 'Mazuela/Samsó' go 'Carinyena' lena léirítear ar bhealach níos beaichte féiniúlacht an chineáil sin, a thábhacht stairiúil agus a ábharthacht i dtaca le táirgeadh fíonta ardcháilíochta i réigiún Costers del Segre.

11. FOCLAÍOCHT FHEABHSAITHE SA ROINN MAIDIR LEIS AN NASC

Tuairisc:

Athraíodh an fhoclaíocht i roinnt pointí sa roinn maidir leis an nasc.

Baineann an leasú seo le pointe 7 den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

Níor athraíodh an nasc, ní dhearnadh ach feabhas a chur ar an bhfoclaíocht. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é toisc nach aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha atá ann.

Cúis:

Cinneadh feabhas a chur ar fhoclaíocht an naisc, i gcomhthráth leis na leasuithe ar ranna eile den tsonraíocht táirge.

12. ATHRUITHE ÉAGSÚLA AR NA COINNÍOLLACHA BREISE

Tuairisc:

I bpointe 8.1 'Raon feidhme cosanta ATFC', scriosadh an mhír seo a leanas: 'Fíonta a tháirgtear go heisiach ó fhíonchaora de na cineálacha *Vitis vinifera* atá údaraithe sa tsonraíocht táirge seo agus a tháirgtear ó stoic a shaothraítear sa limistéar geografach comhfhreagrach. Ní mór na fíonta a bheith i gcomhréir leis na saintréithe a dtugtar tuairisc orthu anseo, i dtéarmaí anailíseacha agus i dtéarmaí orgánaileipteacha araon.'

Mar a míníodh cheana, rinneadh pointe 8.2 den tsonraíocht táirge maidir leis an 'Limistéar táirgeachta agus próiseála' a bhogadh go dtí an abairt deiridh de phointe 4 maidir le 'Críochú an limistéir gheografaigh'.

I bpointe 8.3 den tsonraíocht táirge maidir le 'Pacáistíocht agus/nó aosú agus buidéalú', cuireadh an ceanglas maidir le fógra a thabhairt do chomhlacht bainistíochta an ATFC nuair atá táirgí le pacáistiú lasmuigh den limistéar táirgeachta in ionad na rialacha maidir le dearbhú ionas gur féidir an próiseas sin a mhaoirsiú, agus gur féidir cáilíocht an táirge a ráthú.

Cuireadh an mhír a leanas leis freisin: 'Is féidir le buidéalóirí cláraithe fíonta nach gcumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh a tháirgeadh agus a bhuidéalú ar choinníoll go ráthaítear seiceálacha ar phróisis buidéalaithe, agus go ndéantar na fíonta a dheighilt ina n-umair neamhspleácha atá sainaitheanta go soiléir, agus taifead a bheith ann ar a dtoirt ainmniúil agus ar a dtionscnamh.'

Leasaíodh pointe 8.7 ('Cláir') ionas gur gá fíonlanna buidéalaithe atá suite lasmuigh den limistéar críochaithe a chlárú i gclár na mbuidéalóirí agus na bpacálaithe freisin.

Baineann an leasú seo le pointe 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cúis:

Scriosadh an mhír i bpointe 8.1 toisc nár bhain an tagairt atá ann do raon feidhme na cosanta ach amháin le hainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre.

Bogadh pointe 8.2 toisc gur creideadh go raibh sé níos iomchuí an ghné sin a lua nuair a bheadh limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint á shainiú.

Maidir le pointe 8.3 a bhaineann le fógra a thabhairt, ba é an réasúnaíocht a bhí leis an athrú sin go raibh sé teoranta roimhe sin don chomhlacht bainistíochta a chur ar an eolas faoi phacáistíocht a dhéantar lasmuigh den limistéar táirgeachta. Mar sin féin, tá cumarsáid éifeachtach ina ceanglas i leith fógra a thabhairt ionas gur féidir leis an gComhlacht Rialála measúnú agus maoirseacht a dhéanamh, mar a leagtar síos sa tsonraíocht le haghaidh na hoibríochta sin. Is é is aidhm don mhír a cuireadh isteach próiseas sainaitheanta agus seiceála a bhunú le haghaidh cásanna ina ndéanann buidéalóirí cláraithe fíonta nach gcumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh a tháirgeadh agus a bhuidéalú, ag féachaint go cuí do dhlí an Aontais agus, go háirithe, don dlí a bhaineann le saorghluaiseacht earraí agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Thairis sin, tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 25.2 den Rialachán maidir le hainmniúchán tionscnaimh Costers del Segre, arna fhormheas le hOrdú ARP/297/2005 an 20 Meitheamh 2005.

Mar thoradh ar an athrú i bpointe 8.7, is féidir seiceálacha a dhéanamh ar phacáistíocht a dhéantar lasmuigh den limistéar críochaithe.

13. ATHRUITHE AR NA RIALACHA MAIDIR LE LIPÉADÚ

Tuairisc:

Bogadh pointe 2.5 den tsonraíocht táirge maidir le 'Sloinn agus/nó téarmaí a bhaineann le táirgeadh agus/nó aosú' go dtí an chuid de phointe 8 a bhaineann le forálacha lipéadaithe. Tá na sonraíochtaí sin roghnach agus, freisin, rialáiltear go hiomlán iad i nDlí Uimh. 6/2015 an 12 Bealtaine 2015 maidir le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus maidir le tásca geografacha faoi chosaint ar fhorleibhéal Phobal Féinrialaitheach, lena leagtar síos go mionsonraithe na ceanglais maidir le húsáid téarmaí amhail 'Crianza', 'Reserva', 'Gran Reserva', agus 'Premium', chomh maith leis na hamanna aosaithe agus na saintréithe sonracha a bhaineann le gach ceann acu.

Rinneadh an fhoclaíocht a shimpliú freisin mar a leanas:

'Féadfaidh fíonta a chumhdaítear leis an ATFC "Costers del Segre" téarmaí/sloinn thraidisiúnta a chosnaítear san Aontas a úsáid ar lipéadú sna cásanna a leagtar síos sa reachtaíocht shonrach is infheidhme maidir leo agus i gcomhréir leis na rialacha lipéadaithe sonracha arna bhforbairt ag an mBord Rialála. Féadfar tagairt a dhéanamh freisin d'aonad geografach níos lú mar théarma roghnach.'

Scriosadh pointe 8.6 den tsonraíocht táirge toisc go raibh sé teoranta do na téarmaí traidisiúnta thíos agus, dá bhrí sin, ní raibh gá leis: '*denominación de origen - crianza - reserva - grande reserva*'.

Athraíodh airde na gcarachtar a úsáidtear chun 'Costers del Segre' a léiriú freisin ó 4 mm ar a mhéad go dtí airde idir 3 mm agus 7 mm.

Baineann an leasú sin le pointí 2 agus 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cúis:

Rinneadh sin chun ord na ranna a dhéanamh níos comhleanúnaí agus níos córasaí.

Ós rud é go bhfuil rialacha uileghabhálacha sa Rialachán réamhluaite, theastaigh uainn dúbláil na reachtaíochta a sheachaint agus, ar an dóigh sin, an tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Costers del Segre a shimpliú, rud a d'fhágfadh go mbeadh na ranna ina ndéantar tagairt do shloinn roghnacha níos soiléire agus níos gonta do tháirgeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile in earnáil an fhíona. Ní athraíonn sé sin na ceanglais dhlíthiúla bhunaithe ar aon bhealach, ach tá sé mar aidhm aige athrá reachtaíochta a sheachaint agus é a dhéanamh níos éasca d'oibreoirí na rialacha a thuiscint. Tá an cinneadh sin i gcomhréir le cleachtais maidir le simpliú riaracháin lena laghdaítear an t-ualach rialála, lena gcothaítear éifeachtúlacht i dtaca le bainistiú ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus lena n-áirithítear comhsheasmhacht agus comhchuibhiú caighdeán tionscail leis an reachtaíocht stáit is infheidhme.

Maidir le hairde na gcarachtar, is gá na focail 'Costers del Segre' a thaispeáint i gcarachtair níos mó mar gheall ar an teaglaim den fhaisnéis shainordaitheach uile a bhaineann leis na fíonlanna, ionas gur féidir an fhoclaíocht shainordaitheach agus roghnach uile a áireamh i gcarachtair de mhéid iomchuí.

14. ATHRUITHE AR SHEICEÁLACHA

Tuairisc:

Baineadh an tosaíocht a bhí ag Instituto Catalán de la Viña y el Vino (Institiúid Fíniúna agus Fíona na Catalóine) mar shaotharlann chun anailís a dhéanamh ar fhíonta a chumhdaítear leis an ATFC. Cuireadh san áireamh go gceapfar an Coiste Blaiste le comhaontú roimh ré ón gComhlacht Bainistíochta, agus níl an t-údarás rialaithe inniúil freagrach a thuilleadh as lipéid a fhormheas.

Baineann an leasú seo le pointe 9 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cúis:

Soiléirítear na trí ghné sin i mbainistiú na rialuithe. Is í Institiúid Fíniúna agus Fíona na Catalóine an t-údarás inniúil le haghaidh seiceálacha oifigiúla, agus tá an Bord Rialála freagrach as úsáid lipéad le haghaidh fíonta faoi chosaint a fhormheas.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Costers del Segre

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *FÍONTA – fíonta geala agus rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta geala:

Cuma: Ní mór do na fíonta na raonta/luachanna seo a leanas a chomhlíonadh:

Ionsúiteacht ag 420 nm níos lú ná nó cothrom le 1,4.

Ionsúiteacht ag 520 nm níos lú ná nó cothrom le 0,4.

Ionsúiteacht ag 620 nm níos lú ná nó cothrom le 0,1.

Déine datha níos lú ná nó cothrom le 1,9

Dea-bholadh: Dea-bholaithe cineáil torthaí nó plandúla nó dea-bholaithe bláthacha nó spíosraithe a bhféadfadh dea-bholaithe treasacha a bheith air. Neamhláithreacht lochtanna.

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna agus ag a bhfuil iarbhlas fada, a mhaireann níos faide ná 5 shoicind.

Fíonta rosé:

Cuma: Ní mór do na fíonta na raonta/luachanna seo a leanas a chomhlíonadh:

Ionsúiteacht ag 420 nm níos lú ná nó cothrom le 2,5.

Ionsúiteacht ag 520 nm níos lú ná nó cothrom le 3.

Déine datha níos lú ná nó cothrom le 5,7.

Dea-bholadh: Dea-bholaithe cineáil torthaí nó plandúla nó dea-bholaithe bláthacha nó spíosraithe a bhféadfadh dea-bholaithe treasacha a bheith air. Neamhláithreacht lochtanna

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna agus ag a bhfuil iarbhlas fada, a mhaireann níos faide ná 5 shoicind.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Is é 220 mg/l an t-uasmhéid dé-ocsaíde sulfair más é ≥ 5 g/l an méid siúcra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

2. *FÍONTA – dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Ní mór do na fíonta na raonta/luachanna seo a leanas a chomhlíonadh:

Ionsúiteacht ag 420 nm níos mó ná nó cothrom le 0,1.

Ionsúiteacht ag 520 nm níos mó ná nó cothrom le 0,1.

Déine datha níos mó ná nó cothrom le 1,5.

Dea-bholadh: Gan aon fhabhtanna, dea-bholaithe cineálacha torthaí nó plandúla nó dea-bholaithe bláthacha nó spíosraithe a bhféadfadh dea-bholaithe treasacha a bheith i gceist.

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna agus ag a bhfuil iarbhlas fada, a mhaireann níos faide ná 5 shoicind.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Is é 170 mg/l an t-uasmhéid dé-ocsaíde sulfair más é ≥ 5 g/l an méid siúcra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 100

3. *FÍON LICÉIR*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Ní mór do na fíonta na raonta/luachanna seo a leanas a chomhlíonadh:

Ionsúiteacht ag 420 nm níos lú ná nó cothrom le 20.

Ionsúiteacht ag 520 nm níos lú ná nó cothrom le 20.

Ionsúiteacht ag 620 nm níos lú ná nó cothrom le 10.

Déine datha níos lú ná nó cothrom le 50.

Dea-bholadh: Gan aon locht, dea-bholaithe cineáil torthaí nó plandúla nó bláthacha nó spíosraithe le dea-bholaithe treasacha féideartha.

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Aigéadacht luaineach uasta: i bhfíonta geala agus rosé 18 meq/l (1,08 g/l, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach); i bhfíonta dearga 20 meq/l (1,20 g/l, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach);

* Is é 170 mg/l an t-uasmhéid dé-ocsaíde sulfair más é ≥ 5 g/l an méid siúcra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,3

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 120

4. *FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Trédhearcach, ton scothbhuí agus/nó scothghlas, agus oráiste nó sean-ór ar an imeall uaireanta. Láithreacht bhuan de shraith bolgán. Ní mór na raonta/luachanna seo a leanas a chomhlíonadh leis na bhfíonta:

Ionsúiteacht ag 420 nm níos mó ná nó cothrom le 0,05. agus níos lú ná nó cothrom le 1,4

Ionsúiteacht ag 520 nm níos lú ná nó cothrom le 2

Ionsúiteacht ag 620 nm níos lú ná nó cothrom le 1

Déine datha níos mó ná nó cothrom le 0.05 agus níos lú ná 2

Moirtiúlacht níos lú ná 30 NTU

Dea-bholadh: Gan lochtanna. Dea-bholadh torthaí úra agus/nó plandúil agus/nó dea-bholaithe bláthanna a bhféadfadh dea-bholaithe treasacha a bheith air a eascraíonn as aosú buidéil.

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna agus ag a bhfuil iarbhlas fada, a mhaireann níos faide ná 5 shoicind.

*I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,8

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,3

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. *FÍON LEATHSHÚILÍNEACH*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dé-ocsaíd charbóin infheicthe. Dath a mheaitseálann na raonta ionsúiteachta a chomhfhreagraíonn don chineál fíona (geal, dearg, rosé) a dtugtar tuairisc air sna ranna roimhe seo.

Dea-bholadh: Dea-bholaithe cineáil torthaí agus/nó bláthanna. Gan lochtanna.

Blas: Blas agus blas sa bhéal cothromaithe, gan aon lochtanna agus ag a bhfuil iarbhlas fada, a mhaireann níos faide ná 5 shoicind.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Aigéadacht luaineach uasta: i bhfíonta geala agus rosé 18 meq/l (1,08 g/l, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach); i bhfíonta dearga 20 meq/l (1,20 g/l, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach).

* Is ionann na leibhéil dé-ocsaíde sulfair agus na leibhéil i gcás fhíonta chatagóir 1 (fíonta geala, rosé agus dearga).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas saothraithe

Ní mór an fhíniúin a threorú mar a leanas chun an cháilíocht is fearr agus saibhreas aramatach na bhfíonta a áirithiú:

a) Treorú traidisiúnta cuach:

b) Ar threilísí

Ní féidir uisciú a dhéanamh ach amháin chun cáilíocht na fíonchaoire a fheabhsú agus seiceálacha á ndéanamh ag an am céanna ar an neart alcóil agus ar aigéadacht na fíonchaoire i bpláséin ina ndéantar athchothromú uisce i gcomhréir le cothromaíocht uisce na hithreach agus le dálaí éiceolaíocha na fíniúna.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cuirtear an brú iomchuí i bhfeidhm chun an úrfhíon nó an fíon a eastóscadh agus sin a dhealú ón marc, ionas nach bhfaightear níos mó ná 75 lítear fíona in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor a bhuaintear.

5.2. *Uastáirgeacht*

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an limistéir a chomhdhéanann ATFC Costers del Segre na ceantair seo a leanas atá suite feadh abhantrach Segre agus tá sé grúpáilte i 7 n-aonad gheografacha níos lú:

Aonad geografach níos lú - Artesa de Segre: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— Algerri

— Alòs de Balaguer

— Artesa de Segre

— Balaguer

— Castellóde Farfanya

— Foradada

— Menàrguens

— Ceantar Montclar laistigh de bhardas Agramunt

— Cubells

— Os de Balaguer

— Vilanova de Meià

— La Sentiu de Sió

Aonad geografach níos lú - Urgell: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— Penelles

— Preixens

— Ivars d'Urgell

Aonad geografach níos lú - Les Garrigues: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— Albi

— Arbeca

— Bellaguarda

— Cervià de les Garrigues

— L'Espluga Calba

— Fulleda

— La Floresta

— La Pobla de Cérvoles

— Els Omellons

— Tarrés

— Vinaixa

— El Vilosell

— Juneda

— Borges Blanques

— L'Albagés

— Juncosa

— Llardecans

Aonad geografach níos lú - Pallars: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— Tremp, chomh maith le Gurb, Palau de Noguera, Puigcercós, Suterranya agus Vilamitjana (ceantair Tremp)

— Conca de Dalt

— Ceantair bhainteacha Cellers agus Guàrdia de Tremp i mbardas Castell de Mur

— Ceantair bhainteacha Sant Cristòfol de la Vall, Sant Martí de Barcedana agus Sant Miquel de la Vall i mbardas Gavet de la Conca

— Ceantair bhainteacha Conques, Figuerola d'Orcau, Orcau-Basturs agus Sant Romà d'Abella i mbardas Isona i Conca Dellà

— Pobla de Segur

— Llimiana

— Rialp

— Salàs de Pallars

— Talarn

— Sort

— Esterri d'Appeneu

— Alt Àneu

— Soriguera

Aonad geografach níos lú - Raimat: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— An t-aonad daonra ar a dtugtar Raimat, i limistéar bardasach Lleida

Aonad geografach níos lú - Segrià: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— Alcarràs

— Alfarràs

— Almacelles

— Almenar

— Gimenells and Pla de la Font

— Lleida

— Torrefarrera

Aonad geografach níos lú - Valls del Riu Corb: Ina bhfuil na ceantair seo a leanas:

— L'Ametlla de Segarra

— Belianes

— Ciutadilla

— Granyanella

— Granyena de Segarra

— Guimerà

— Maldà

— Montoliu de Segarra

— Montornès de Segarra

— Nalec

— Omells de Na Gaia

— Preixana

— Sant Martí de Riucorb

— Tàrrega

— Vallbona de les Monges

— Vallfogona de Riucorb

— Verdú

— Vilagrassa

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

AGUDELO – CHENIN BLANC

ALARIJE – MALVASÍA RIOJANA

ALARIJE – SUBIRANT PARENT

ALBARIÑO

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA PELUDA

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

GEWÜRZTRAMINER

GODELLO

GONFAUS

MACABEO – VIURA

MALBEC

MALVASIA AROMATICA – MALVASIA DE SITGES

MARSELÁN

MAZUELA – CARIÑENA

MERLOT

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA

PETIT VERDOT

PICAPOLL BLANCO

PINOT NOIR

PIRENE

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SUMOLL TINTO

SYRAH

TEMPRANILLO – ULL DE LLEBRE

TREPAT

VERDEJO

VIOGNIER

XARELLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Maidir le saintréithe sonracha agus dea-shainithe ATFC Costers del Segre, amhail a shuíomh geografach tionscnaimh agus an fad as chuig an Meánmhuir agus na Piréiní, cruthaíonn siad aeráid ilchríochach lena mbaineann luaineachtaí móra séasúracha agus laethúla i dteocht agus tréimhsí timthrialla fáis atá sonrach don limistéar, a mbíonn torthaí saintréitheacha mar thoradh orthu.

Maidir leis na dálaí aeráide, mar aon leis na hithreacha aolchloiche saintréitheacha ina bhfuil cion íseal ábhair orgánaigh agus atá clúdaithe le gaineamh nó le cré, cuidíonn siad leis na fíonchaora an aibíocht is fearr is féidir a bhaint amach, agus fíonta speisialta ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Mar nach gcuireann sé mórán baistí bíonn leibhéal áirithe struis maidir le huisce i gceist do plandaí, rud a chuireann borradh faoi thiúchan datha, dea-bholadh agus blas na bhfíonta. Cuireann na gaotha tirime agus an easpa bogthaise teorainn le fás fungasach, rud a ligeann do na fíonchaora aibiú de réir a chéile, sula mbuaintear iad nuair a bhíonn a leibhéal aibíochta is fearr bainte amach acu.

Mar thoradh ar thosca nádúrtha an limistéir, is féidir cineálacha traidisiúnta a chaomhnú agus, chomh maith leis sin, a oiriúnú go foirfe do chineálacha neamháitiúla a tugadh isteach tar éis teacht na fiollocsaeire. Dá bhrí sin, is mór an éagsúlacht atá le feiceáil sna cineálacha fíniúna, rud a chiallaíonn go mbíonn comhdhéanamh an-éagsúil ag na táirgí.

Bíonn an teocht istoíche le linn an próisis aibithe an-íseal ar fad – thart ar 15 °C go minic i gcaitheamh an phróisis aibithe, agus titeann an teocht sin go 2–10 °C sna céimeanna níos deireanaí ar fud limistéar ATFC Costers del Segre. Bíonn fíonta ag a bhfuil aigéadacht ard agus blasanna láidre mar thoradh air sin, ar fíonta iad a sheasann amach ó fhíonta a tháirgtear i réigiúin eile.

Caomhnaíonn na tosca sin uile an tipiciúlacht shainiúil, tipiciúlacht a fhaigheann siad ó na teochtaí fuara istoíche.

Maidir le tosca daonna, tá traidisiún fíonsaothrúcháin sa limistéar, a léirítear le tagairtí stairiúla i bhfoirm doiciméadachta agus le struchtúr fisiciúil, chomh maith le díograis le haghaidh teicnící nua ceannródaíocha.

8.2. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Tá fíon súilíneach á dhéanamh ag úsáid an mhodha thraidisiúnta i bhfíonlanna áirithe ó thús an chéid seo caite.

Maidir leis na dea-bholaithe príomha a bhaineann leis na fíonta geala a úsáidtear chun na fíonta súilíneacha sin a tháirgeadh, bíonn siad torthaíoch nuair a thagann an fíon ó fho-limistéir ina bhfuil fánaí réidhe agus bíonn siad bláthach nuair a thagann an fíon ó fho-limistéir atá lonnaithe níos airde.

Táirgtear fíonta ag a bhfuil saintréithe áirithe, leibhéil aigéadachta níos airde agus dea-bholaithe bláthacha diana mar thoradh ar an athrú mór i dteocht i gcaitheamh an lae le linn an timthrialla aibithe. Is iad na tosca sin, in éineacht leis an toisc dhaonna – leantar de mhodhanna táirgthe traidisiúnta a úsáid – agus an toisc nádúrtha – lena gcumasaítear cineálacha áitiúla a chaomhnú chomh maith le cineálacha neamh-áitiúla a oiriúnú – a chuidíonn le cáilíocht shonrach fíonta súilíneacha an ATFC sin a mhúnlú.

8.3. *Fíon licéir*

Mar gheall ar na teochtaí níos airde i rith an lae agus mar nach gcuireann sé mórán báistí san fhómhar, is féidir moill a chur ar an mbuaint, agus dá thoradh sin faightear barr atá lán le siúcraí. A bhuí leis na saintréithe aeráide an-speisialta sin, tá traidisiún ann fíonta licéir a tháirgeadh ag úsáid fíonchaora a bhuaintear go déanach agus iad rísínithe i bpáirt. Fágann an cineál ithreach gur féidir na cineálacha a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta sin a bhuain agus iad sa riocht is fearr is féidir, gan éirí ró-aibí.

8.4. *Fíon leathshúilíneach*

Is mar gheall ar an athrú ollmhór i dteocht le linn an phróisis aibithe fíonchaoire, a bhíonn níos mó ná 25 °C uaireanta, a bhíonn aigéadacht ard agus dea-bholaithe diana ag fíonta leathshúilíneacha ATFC Costers del Segre.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déanfar an tuairisc ar fhíonta ATFC Costers del Segre a fhorlíonadh leis an bhfaisnéis seo a leanas:

a) An neart alcóil iarbhír de réir toirte sloinnte in aonaid nó leath-aonaid a chéatadáin de réir toirte, agus an giorrúchán % toirte ina dhiaidh.

b) An uimhir chlárúcháin i gclár buidéalóirí agus pacálaithe na roinne ábhartha atá freagrach as talmhaíocht.

Ní mór na focail 'Denominación de Origen Costers del Segre' (Ainmniúchán Tionscnaimh Costers del Segre) nó 'Denominación de Origen Protegida Costers del Segre' (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint Costers del Segre) a bheith le feiceáil go soiléir sa réimse amhairc céanna leis na sonraí sainordaitheacha.

Ní mór méid na gcarachtar a úsáidtear chun 'Costers del Segre' a léiriú a bheith 3 mm ar a laghad agus 7 mm ar a mhéad, agus ní mór leath na méide sin a bheith ann le haghaidh '*Denominación de Origen*' nó '*Denominación de Origen Protegida*', agus ní mór iad a shloinneadh i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh maidir leis an gcomh-thrádmharc.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/01.-PC-Costers-del-Segre-2020-CONTROL-CANVIS-18.03.2024.pdf